C/2025/4075

17.7.2025

Foilsiú iarratais ar chlárú ainm de bhun Airteagal 50(2), pointe (a), de Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le scéimeanna cáilíochta do tháirgí talmhaíochta agus do bhia-earraí

(C/2025/4075)

Tar éis an fhoilsithe seo, féadfaidh údaráis Bhallstáit nó údaráis tríú tír nó duine nádúrtha nó dlítheanach ag a bhfuil leas dlisteanach agus atá bunaithe nó a bhfuil cónaí air i dtríú tír, freasúra a thaisceadh leis an gCoimisiún laistigh de 3 mhí ó dháta an fhoilsithe seo, i gcomhréir le hAirteagal 17 de Rialachán (AE) 2024/1143 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([1]).

Tá an tsonraíocht táirge dá dtagraítear in Airteagal 7 de Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012 le fáil i gclár an Aontais um thásca geografacha.

DOICIMÉAD AONAIR

‘Ípsala Pirinci’

Uimh. AE: PDO-TR-02806 — 14.10.2021

ATFC (X) TGFC ( )

1. **Ainm nó ainmneacha (an ATFC nó an TGFC)**

‘Ípsala Pirinci’

2. **Ballstát nó Tríú Tír**

An Tuirc

3. **Tuairisc ar an táirge talmhaíochta nó táirge bia**

3.1. *Cineál an táirge*

Aicme 1.6. Torthaí, glasraí agus gránaigh, iad úra nó phróiseáilte

Cód Ainmníochta Comhcheangailte

1006 — Rís

3.2. *Tuairisc ar an táirge lena mbaineann an t-ainm in (1)*

Is rís bhán é ‘Ípsala Pirinci’ a tháirgtear ón speiceas *Oryza sativa* L. a bhaineann leis an bhfine Gramineae, a fhástar i Machaire Ípsala. Tá cuma ghloine neamhlonrach ar ‘Ípsala Pirinci’ agus gráinní fada tiubha aici. Athraíonn méid ghráinní ‘Ípsala Pirinci’ ó 6,7 mm go 7,1 mm agus athraíonn a leithead ó 2,6 mm go 3,1 mm. Bíonn meáchan 1 000 gráinne idir 24 g agus 32 g. Ní sceitheann sé gráin agus bíonn sé gan sreang. Bíonn airde an phlanda idir 105cm agus 115 cm agus tógann an tréimhse fáis 125 lá go 130 lá. Soláthraíonn sé meántáirgeacht 750 kg go 850 kg in aghaidh an deiceáir agus is é 60 % táirgeacht na ríse gan bhriseadh.

Tugann an ithir goirt agus an t-aer mara sa limistéar geografach cuma níos gloiní agus níos neamhlonraí do na gráinní ríse, rud a laghdaíonn an croí bán nó codanna cailceacha. Is é a leanann as dálaí teochta agus bogthaise an limistéir ráta croí bán íseal (1 % ar a mhéad) agus cion ard próitéine (9,02 %). Tá ithir ghlárach, flúirse uisce agus aeráid chineálta Mhachaire Ípsala fabhrach do na gráinní ríse a mhéid idéalach (6,7-7, mm) a bhaint amach.

([1]) Rialachán (AE) 2024/1143 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Aibreán 2024 maidir le tásca geografacha le haghaidh fíona, deochanna biotáilleacha agus táirgí talmhaíochta, chomh maith le sainearraí traidisiúnta faoi ráthaíocht agus téarmaí roghnacha cáilíochta le haghaidh táirgí talmhaíochta, lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1308/2013, (AE) 2019/787 agus (AE) 2019/1753 agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012 (IO L, 2024/1143, 23.4.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/1143/oj).

Tábla 1

Cion gráinní fabhtacha in 'Ípsala Pirinci' (Uasmhéid, % de réir meáchain)

	Gráinní amha agus gráinní	Ábhar orgánach coimhthíoch	Ábhar neamhorgán-ach coimhthíoch	Cóimheas gráinní briste	Gráinní atá dífhoirmithe go nádúrtha, gráinní breac, gráinní smálaithe, gráinní a bhfuil dath buí orthu agus gráinní a bhfuil dath ómra orthu
Rís (An 1ú hAicme)	1	0,3	0,05	5	0,5
Rís (2ú hAicme)	2	0,4	0,1	10	1

Tábla 2

Airíonna fisiceacha agus ceimiceacha 'Ípsala Pirinci'

Paraiméadar	Luach
Fad na ngráinní	íosmhéid 6,7 mm
Cóimheas fad agus leithead	2 ≤ - ≤ 3
Meánchóimheas próitéine	% 9,02
Bogthaise	% uasta 14,5
Luach aimileáise	% 27,12 - 30,75
Dath	L* (éadroime): 90,29 - 92,08
	a* (deirge/glaise): 2,5 - 2,8
	b* (buíocht/goirme): 8,0 - 9,4

3.3. *Beatha (i gcás táirgí de thionscnamh ainmhíoch amháin) agus amhábhair (i gcás táirgí próiseáilte amháin)*

—

3.4. *Céimeanna sonracha táirgthe nach mór a dhéanamh sa limistéar geografach sainithe*

Ní mór gach céim de tháirgeadh 'Ípsala Pirinci', ó shaothrú go buaint, a dhéanamh sa limistéar táirgeachta a shainítear i Roinn 4.

3.5. *Rialacha sonracha maidir le sliseadh, grátáil, pacáistiú, etc. an táirge dá dtagraíonn an t-ainm cláraithe*

Ní mór próisis táirgthe, triomaithe, aicmithe/sórtála agus pacáistithe a dhéanamh sa limistéar geografach chun airíonna an táirge a chaomhnú agus chun cáilíocht a ráthú.

Tar éis na buainte, triomaítear 'Ípsala Pirinci' ar feadh 6 uair an chloig go10 n-uair an chloig ag 45 °C go dtí go dtiteann cion bogthaise na ngráinní go 14,5 %. Ansin, déantar na gráinní agus na blaoscanna a dheighilt óna chéile trí gharbhchriathrú agus trí na blaoscanna a bhaint sa mheaisín scafa. Is é atá i gceist leis an gcéim dheireanach ná seiceáil an bhfuil ábhar eachtrach ann trí dhul tríd an bpróiseas scagtha arís.

Le linn an phróisis aicmithe, sórtáiltear an táirge leis an meaisín sórtála dathanna agus déantar é a dheighilt de réir a cháilíochta.

Déantar é a phacáistiú ansin sna meáchain inmhianaithe. Is féidir é a stóráil ar feadh suas le dhá bhliain i limistéir stórála ina bhfuil teocht 15-20 °C agus bogthaise 60 %.

3.6. *Rialacha sonracha maidir le lipéadú an táirge dá dtagraíonn an t-ainm cláraithe*

De bhreis ar an bhfaisnéis oibleagáideach a sholáthraítear de réir na reachtaíochta maidir le lipéadú agus cur i láthair earraí bia, ní mór an méid seo a leanas a bheith ar na lipéid:

— ainm an ainmniúcháin 'Ípsala Pirinci';

— de bhreis air sin, féadfar lógó ‘İpsala Pirinci’ a úsáid ar phacáistiú tháirgí ATFC ‘İpsala Pirinci’.

4. **Sainmhíniú achomair ar an limistéar geografach**

Is é atá i gceantar geografach ‘İpsala Pirinci’ ceantar İpsala, ina n-áirítear Machaire İpsala. Tosaíonn na teorainneacha ó theorainn Enez sa deisceart go dtí Sarıcaali sa tuaisceart, ó Loch Gala san oirthuaisceart go dtí Sráidbhaile Koyuntepe san iarthar. Ní mór an mhuilleáil agus an snasú a dhéanamh sna bardais chéanna leis an limistéar táirgeachta.



5. **Nasc leis an limistéar geografach**

Tosca nádúrtha

Is rís bhán é ‘İpsala Pirinci’ a tháirgtear ón speiceas *Oryza sativa* L. ar leis an bhfine Gramineae é, a fhástar i Machaire İpsala. Toisc go bhfuil Machaire İpsala, áit a bhfástar ‘İpsala Pirinci’, oscailte don fharraige ó dheas, agus go dtagann sé faoi lé aer na farraige, tá gné shalandachta aige. Tá struchtúr créúil, dúrabhánach, glárach san ithir agus tá na limistéir saothraithe ag airde an-ghar do leibhéal na farraige. Ar na cúiseanna sin, bíonn dath níos dorcha agus cuma níos neamhlonraí ar rís a fhástar i Machaire İpsala ná mar a bhíonn ar rís a fhástar i réigiúin eile. Fágann aer na mara agus na dálaí ithreach goirt, go háirithe (pH: 7,04, luach CE: 5,42 mS/cm (táscaire salandachta), luach sáithithe: 108,79) go mbíonn na gráinní ríse níos gloiní agus níos neamhlónraí, rud is cúis le croí nach bhfuil chomh bán céanna nó le líon níos lú codanna cailceacha a bheith sna gráinní ríse. Rannchuidíonn na saintréithe sin le cáilíocht shainiúil ‘İpsala Pirinci’.

De bhreis air sin, cuimsíonn an limistéar geografach ina ndéantar an táirgeadh limistéir réidhe, ghláracha, leathana, fholmha. Cumascann sé le hAbhainn Meriç ar an taobh thiar den talamh agus déantar seascainn áit a mbuaileann sé le hAbhainn Ergene a thagann ón tuaisceart. Nuair a bhíonn Machaire İpsala faoi thuilte sa gheimhreadh, clúdaíonn ciseal tanaí gláir dromchla na hithreach. Fástar rís i limistéir ina bhfuil flúirse uisce. Agus é suite san áit a dtagann Aibhneacha Meriç agus Ergene le chéile, soláthraíonn an limistéar geografach dálaí suntasacha do ‘İpsala Pirinci’ chun an méid gráinní inmhianaithe (6,7-7,1 mm) a bhaint amach.

Nuair a thagann barra ríse faoi lé teochtaí arda cruthaítear gráinní tanaí agus cailceacha (croí bán) agus giorraítear an t-am líonta gráinní. Ar an gcuma chéanna, má tá difríocht mhór idir teocht an lae agus teocht na hoíche le linn líonadh na ngráinní, méadaíonn ráta na ríse cailcí (rís boilg bháin). Bíonn gaotha tirime agus teo a shéideann le linn líonadh gráinní ina gcúis le triomú tapa, rud a laghdaíonn táirgeachtaí. Léirítear i meastóireacht ar dhálaí aeráide Mhachaire Ípsala gurb é 31,3 °C an teocht uasta i mí Iúil agus i mí Lúnasa agus nach bhfuil an difríocht teochta idir an lá agus an oíche an-ard, rud a chiallaíonn go bhfuil ráta íseal gráinní cailceacha (bán-boilg) (uasmhéid 1 % de réir meáchain) ag 'Ípsala Pirinci'. Le linn thréimhse fáis 'Ípsala Pirinci' (Aibreán-Deireadh Fómhair), bíonn an mheán-bhogthaise choibhneasta thart ar 68,8 % mar gheall go bhfuil an réigiúin faoi lé aer na mara. Cuireann sé sin cosc ar aimsir the, thirim agus ghaofar agus cuireann sé feabhas ar tháirgeacht 'Ípsala Pirinci'.

Chun an táirgeacht is fearr a bhaint amach, éilíonn an rís-phlanda ithir atá lán le cothaithigh agus a chothabhálann struchtúr cré boige neamhscagaí chun bogthaise fhíor-riachtanach agus cothaithigh fhíor-riachtanacha a choinneáil go héifeachtach. Dá dhroim sin, tá 'Ípsala Pirinci', a shaothraítear faoi dhálaí talmhaíochta idéalacha Mhachaire Ípsala, éagsúil le rís a tháirgtear i réigiúin eile. Cé go mbíonn an cion próitéine i gcineálacha ríse ó réigiúin eile idir 7,02 % agus 8,80 % de ghnáth, tá meánchion próitéine, atá níos airde go suntasach, ag 'Ípsala Pirinci', is é sin 9,02 %.

Tosca stairiúla agus daonna

Oibríonn formhór na ndaoine atá ina gcónaí sa teorainn gheografach i réimse na talmhaíochta, go háirithe sa réimse saothraithe ríse. Go stairiúil, tá cáil ar Mhachaire Ípsala mar gheall ar tháirgeadh ríse.

De réir Ismail Sirke, in 1953, 'Fiche bliain ó shin, ní raibh a fhios ag aon duine in Ípsala cad a bhí i gceist le gort ríse, ach sa lá atá inniu ann tá gach duine ag plandú sna goirt sin. I gcás nach bhfuil caipiteal ag daoine áirithe agus go mbíonn cuid mhór deacrachtaí acu, tagann triúr nó cúigear le chéile agus plandaíonn siad rís. Déantar aibhneacha Maritsa agus Ergene agus cosa locha i gcónaí mar ghoirt ríse.' Tuairiscíonn na línte seo gur cuireadh tús le saothrú gort ríse in Ípsala i lár na 1930í. Tháinig táirgeoirí 'Ípsala Pirinci' le chéile in 1949 agus bhunaigh siad 'Cumann Fhásóirí Rís Thrace'.

Buantar 'Ípsala Pirinci' nuair a bhíonn dath tuí bainte amach ag 80 % den rís, nuair a bhíonn céim na céarach crua bainte amach ag na gráinní ag an mbun agus nuair a bhíonn an cion bogthaise idir 22 % agus 24 %. Tá ról tábhachtach ag daoine áitiúla maidir le meastóireacht a dhéanamh ar an bpróiseas sin a bhuí leis an saineolas atá faighte acu le cuid mhór blianta anuas.

Tagairt d'fhoilsiú na sonraíochta

R-Fheasachán Oifigiúil Oifig Paitinní agus Trádmharcanna na Tuirce Uimh. 106, 2.8.2021, lgh. 79-80.